## TORTHAÍ FOGHLAMA I BHFÓCAS

**Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:**

**1.11** a léiriú go dtuigeann sé a fhreagracht féin chun a chuid cearta daonna féin agus cuid daoine eile a chur chun cinn agus a chosaint.

**2.9** anailís a dhéanamh ar shaincheist nó ar dhúshlán domhanda amháin, faoi na ceannteidil seo a leanas: cúiseanna, iarmhairtí, tionchar ar shaol daoine agus réitigh fhéideartha.

**2.10** a mheas conas is féidir leis cabhrú i leith dúshlán amháin atá roimh an domhan san am i láthair.

**2.12** machnamh a dhéanamh ar an méid a foghlaimíodh sa snáithe seo.

## AINM AN MHEASÚNAITHE RANGBHUNAITHE


*Gníomhú ar an athrú aeráide*

## AN COMHTHÉACS TEAGAISC AGUS FOGHLAMA

Chuaigh na scoláirí i ngleic le roinnt ceachtanna roimh an MRB seo ina díríodh ar an méid a d'fhoghlaim siad sa chéad bhliain faoi chearta an duine/dhínit an duine a nascadh le saincheist an athraithe aeráide. Scrúdaigh siad saincheist an athraithe aeráide ag cur na míreanna seo a leanas san áireamh: iarmhairtí, cúiseanna, tionchar (ar chearta an duine go háirithe) agus réitigh. D'fhiosraigh scoláirí an nasc idir an tsaincheist seo agus Spriocanna Domhanda na NA.

Tugadh an tasc a bhaineann leis an bhfoghlaim sin dóibh agus iarradh orthu feasacht a ardú faoi shaincheist domhanda an athraithe aeráide ag díriú ar na rudaí is féidir le daoine a dhéanamh le dul i ngleic leis na cúiseanna agus le roinnt réiteach.

## TAIFEAD AR GHNÍOMH SAORÁNACHTA AN SCOLÁIRE




**CLICEÁIL ANSEO CHUN FÉACHAINT AR AN BHFÍSEÁN**

## NA GNÉITHE CÁILÍOCHTA

### Thar barr ar fad

- Léirítear sa taifead ar ghníomh mar a thug an scoláire go hiomlán agus go héifeachtach faoi ghníomh fónta.
- Tá caighdeán den scoth i machnamh pearsanta an scoláire ar a chuid foghlama.
- Cuirtear an taifead i láthair ar bhealach cuimsitheach, cruthaitheach atá thar a bheith éifeachtach.

### Os cionn na n-ionchas

- Léirítear sa taifead ar ghníomh fianaise ar an mbealach ar thug an scoláire faoi ghníomh fónta.
- Tá caighdeán maith i machnamh pearsanta an scoláire ar a chuid foghlama.
- Cuirtear an taifead i láthair ar bhealach eagraithe, cruthaitheach agus éifeachtach.

### Ag teacht leis na hionchais

- Léirítear sa taifead ar ghníomh fianaise ar an mbealach ar thug an scoláire faoin ngníomh.
- Tá roinnt fianaise ann ar mhachnamh pearsanta ar a chuid foghlama.
- Cuirtear an taifead ar ghníomh i láthair ar bhealach eagraithe ina bhfuil roinnt cruthaitheachta.

### Níor chomhlíon na hionchais go fóill

- Tá fianaise theoranta ann ar rannpháirtíocht phearsanta sa ghníomh a rinneadh.
- Tá fianaise an-teoranta ann ar mhachnamh an scoláire ar a chuid foghlama.
- Tá achoimre an-bhunúsach ar fhaisnéis sa taifead ar ghníomh cé gur beag soiléireacht nó cruthaitheacht atá ann

Tugtar tuairimí mhúinteoir an scoláire bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta sna nótaí, ag féachaint leis an leibhéal gnóthachtála atá i gceist sa saothar seo a dhéanamh amach. Dheimhnigh Grúpa um Dhearbhú Cáilíochta, ina raibh múinteoirí atá istigh sa rang agus ionadaithe as Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna, Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí na nótaí agus na breithiúnais.

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Abhaile

## NÓTAÍ AN MHÚINTEORA AG ÚSÁID NA GCRITÉAR RATHÚLACHTA

Taispeántar sa taifead seo go ndeachaigh an scoláire i ngleic le gníomh lenar bhain brí phearsanta dó féin. Mínítear an spreagadh a bhí leis an ngníomh go soiléir sa taifead ar ghníomh, mínítear freisin gach is mian leis an scoláire a bhaint amach leis an ngníomh agus an tionchar a bheadh aige – ar leibhéal pearsanta agus ar leibhéal na scoláirí níos óige a ndeachaigh an scoláire i ngleic leo.

Léirítear nuálaíocht agus cruthaitheacht sa ghníomh a roghnaíodh chun preableabhar a chruthú le cúiseanna agus iarmhairtí an athraithe aeráide a mhíniú. Is bealach éifeachtach é leabhar atá tarraingteach ar an tsúil agus a bhfuil teachtaireachtaí simplí ann a chruthú le feasacht a ardú i measc lucht léitheoireachta níos óige. Cuirtear fianaise ar fhorbairt raon scileanna ar fáil sa taifead seo ar ghníomh, lena n-áirítear scileanna taighde agus cumarsáide agus feasacht ar an lucht léitheoireachta.

Tá machnaimh mhaithe le fáil sa taifead ar ghníomh ar an eolas agus na scileanna a fuair an scoláire mar aon le machnamh deiridh ar conas a d'fhéadfadh an gníomh a bheith ní b'éifeachtaí (ag cur béim ní ba láidre ar na rudaí is féidir leis na scoláirí a dhéanamh). Eagraíodh an taifead ar ghníomh ar bhealach éifeachtach agus soiléir agus cuirtear an fhianaise i láthair i dtaifead fuaime.

## AN LEIBHÉAL GNÓTHACHTÁLA

### An measúnú is fearr maidir le breithiúnas ar an iomlán =

Os cionn na n-ionchas

Tugtar tuairimí mhúinteoir an scoláire bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta sna nótaí, ag féachaint leis an leibhéal gnóthachtála atá i gceist sa saothar seo a dhéanamh amach. Dheimhnigh Grúpa um Dhearbhú Cáilíochta, ina raibh múinteoirí atá istigh sa rang agus ionadaithe as Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna, Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí na nótaí agus na breithiúnais.